

Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim

Ráiteas Cáilíochta

Meán Fómhair 2017

An Brainse Staidrimh & Taighde Eacnamaíochta

Clár na nÁbhar

| | |
|---|-----------|
| Clár na nÁbhar | 1 |
| Léargas Ginearálta..... | 2 |
| Réamhrá | 2 |
| Doiciméid Eile..... | 2 |
| Eolas Ginearálta | 2 |
| Aonad na hEagraíochta atá Freagrach | 2 |
| Tréimhsiúlacht..... | 2 |
| Úsáideoirí | 2 |
| Coincheapa agus Modhanna Staitistiúla | 4 |
| Aonaid | 4 |
| Foinse na Sonraí | 4 |
| Modhanna | 5 |
| Rangúchán..... | 5 |
| Prionsabail Cháilíochta | 6 |
| Ábharthacht | 6 |
| Cruinneas agus Iontaofacht | 6 |
| Tráthúlacht agus Poncúlacht..... | 6 |
| Comhleanúnachas agus Inchomparáideacht | 7 |
| Rochtain agus Soiléire | 7 |
| Táirgeadh na Staitisticí | 8 |
| Léargas Ginearálta | 8 |
| Sonrú na Riachtanais..... | 8 |
| Céim an Deartha | 9 |
| Céim na Tógála | 9 |
| Céim an Bhailithe, na Próiseála agus an Anailísithe | 9 |
| Céim an Chraobhscaoilte | 10 |
| Céim an Mheasúnaithe | 11 |
| Rúndacht | 12 |
| Rúndacht | 12 |
| Aguisín 1 – Leibhéal 1 & 2 den tSamhail Próiseas Gnó Chineálach Staitisticí .. | 14 |

Léargas Ginearálta

Réamhrá

Tugtar eolas sa doiciméad seo ar an gcaoi a dtugann na Coimisinéirí Ioncaim aghaidh ar phrionsabail lárnacha, mar a aithnítear iad i gCód Cleachtais na hÉireann um Staitisticí, i dtaca le staitisticí foilsithe na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear:

- gealltanais i leith cáilíochta
- tráthúlacht agus poncúlacht
- rochtain agus soiléire

Chomh maith leis seo, tugtar achoimre sa ráiteas seo ar na nósanna imeachta atá ar bun chun cáilíocht phróisis agus aschuir staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim a dhearbhu. Táirgí staitisticí is ea staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim a fhoilsítear ar leathanach idirlín Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim agus déantar tagairt dóibh in 'Féilire Foilsithe Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim'.

Doiciméid Eile

Ba chóir a thabhairt do d'aire go sonraítear sa doiciméad seo na gníomhaíochtaí agus na nósanna imeachta um cháilíocht atá ar bun ag leibhéal eagraíochtúil. Sonraítear sna ráitis faoin 'Modh' i leith táirgí aonair staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim eolas faoi na bearta, próisis agus gníomhaíochtaí sonracha atá ar bun i ngach cás.

Seachas na ráitis aonair faoin 'Modh', tá na doiciméid seo a leanas ar fáil ar leathanach idirlín Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim:

- Polasaí Foilsithe agus Craobhscaoilte
- Rialú ar Nochtadh Staidrimh
- Féilire Foilsithe
- Monatóir Tráthúlachta

Eolas Ginearálta

Den chuid is mó, bunaítear Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim ar shonraí riaracháin a bhaintear ó chórais na gCoimisinéirí Ioncaim. Aon Staitisticí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim nach bhfuil bunaithe ar shonraí riaracháin na gCoimisinéirí Ioncaim, aithnítear iad sa ráiteas cuí aonair faoin 'Modh'.

Aonad na hEagraíochta atá Freagrach

Is é an Brainse Staidrimh & Taighde Eacnamaíochta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, ar chuid den Rannóg Gnóthaí Corparáideacha agus Custaim é, a ullmhaíonn agus a fhoilsíonn Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ba chóir fiosruithe a sheoladh chuig: statistics@revenue.ie

Tréimhsiúlacht

Déanfar Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim a chraobhscaoileadh de réir na ndátaí minicíochta agus foilsithe a bhfuil achoimre orthu in 'Féilire Foilsithe Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim'.

Úsáideoirí

Baineann geallsealbhóirí ó réimse cúlraí éagsúla úsáid as Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear:

- An pobal
- Na meáin chumarsáide

- Páirtithe polaitiúla, ionadaithe ar an bpobal, agus Tithe an Oireachtais
- Comhlachtaí poiblí, lena n-áirítear an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe
- Taighdeoirí & comhlachtaí taighde

Coincheapa agus Modhanna Staitistiúla

Aonaid

Braitheann na haonaid a chuirtear i láthair i ngach táirge staitisticí ar an miosúr nó aitreabúid atáthar ag foilsiú. Ach amháin má shonraítear a mhalairt, is in Euro nó i € milliún Euro a léireofar gach luach airgeadúil.

Is iondúil a chuirtear Staitisticí um Cháin Ioncaim i láthair ar bhonn cáiníocóirí/aonaid cánach. Ba chóir a thabhairt do d'aire go gcomhairtear mar aon aonad cánach amháin daoine pósta nó páirtneírí sibhialta a roghnaigh nó a mheastar gur roghnaigh dul faoin gcóras cóimheasúnaithe.

Foinse na Sonraí

Bunaítear Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim ar sonraí a bhaintear ó chórais na gCoimisinéirí Ioncaim. Is iondúil a chuirtear na sonraí i dtoll a chéile bunaithe ar chlárú cáiníocóirí, ar thuairisceáin/íocaíochtaí reachtúla cáiníocóirí/gníomhairí, nó ar thuairisceáin chun na gCoimisinéirí Ioncaim ó 3ú páirtithe (fostóirí, mar shampla).

Baintear úsáid as roinnt foinsí éagsúla sonraí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim i dtáirgí staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim agus sonraítear sna ráitis faoin 'Modh' i leith na dtáirgí aonair staitisticí na bhfoinsí sonracha sonraí don táirge sin.

Seo thíos roinnt samplaí d'fhoinsí sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim:

Sonraí i leith Clárúcháin Cáiníocóirí: Tá na sonraí seo bunaithe ar sonraí riaracháin a chuirtear i dtoll a chéile nuair a chláraíonn cáiníocóir nó gnóthas le haghaidh cánach. Féadfaidh sé go ndéantar na sonraí clárúcháin seo a thabhairt suas chun dáta dá éis sin.

Sonraí i leith Tuairisceáin Cáiníocóirí: Tá na sonraí seo bunaithe ar thuairisceáin cáiníocóirí (nó 3ú páirtithe) a chaithfear a thíolacadh do na Coimisinéirí Ioncaim ar bhonn rialta (mar shampla Foirm 11/12 do lucht féinfhostaithe/oibrithe ÍMAT i leith Cáin Ioncaim, CT1 ó ghnóthais i leith Cáin Chorparáide, P35 ó fhostóirí i leith Cáin Ioncaim). Féadtar teacht ar na foinsí sonraí seo ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear trí dheaiseanna nó trí uirlisí tiomnaithe fiosraithe bunachair sonraí.

Sonraí Staitisticí Ioncaimdháilte Cánach Ioncaim: Cuirtear tacar sonraí i dtoll a chéile gach bliain i leith 'Staitisticí Ioncaimdháilte' ina ndéantar comhtháthú ar roinnt foinsí éagsúla taifead cánach, lena n-áirítear sonraí clárúcháin cáiníocóirí, tuairisceáin féinmheasúnaithe cáiníocóirí agus tuairisceáin ó fhostóirí thar ceann fostaithe (P35, P60, P45 agus Foirm 11). Ní dhéantar an tacar sonraí a asbhaint ach amháin nuair a shroictear na tairseacha sonracha tíolactha (is é sin 96% de thuairisceáin ÍMAT agus 83% de thuairisceáin féinmheasúnaithe). Seachas sonraí cáiníocóirí agus tuairisceán, cuirtear réimsí breise san áireamh ina mbíonn meascán de réimsí eile a úsáidtear chun dliteanas cáiníocóra a ríomh.

Braitheann táirgeadh thacar sonraí na Staitisticí Ioncamdháilte ar bhailíochtú na dtuairisceán cánach ioncaim, rud a dhéantar nuair a thíolactar na tuairisceáin le haghaidh na bliana sin. Toisc nach bhfuil na tuairisceáin dlite a bheith tíolactha go dtí 11 mhí tar éis dheireadh na bliana cánach, is iondúil a bhíonn fritháireamh 15 go 18 mí idir deireadh na bliana cánach agus an uair a bhíonn tacar sonraí na Staitisticí Ioncamdháilte ar fáil don

bhliain sin. Mar sin, níor cuireadh tacar sonraí na Staitisticí Ioncamdháilte i leith 2015 ar fáil go dtí lár 2017.

Is foinse chuimsitheach sonraí i leith dáileadh ioncaim in Éirinn é tacar sonraí na Staitisticí Ioncamdháilte. Léirítear ann líon na gcáiníocóirí, ar chuid mhór den daonra iomlán iad. I measc na gcodanna eile den phobal nach n-áirítear i dtacar sonraí na Staitisticí Ioncamdháilte, seachas lucht neamhchomhlíontach, tá daoine a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh (níl ceangal orthu tuairisceán a thíolacadh) agus mic léinn lánaimseartha.

Sonraí Staitisticí Ioncamdháilte Cánach Corparáide: Cuireann na 'Staitisticí Ioncamdháilte' Cánach Corparáide sonraí ar fáil i dtaca le hanailísiú ar thuarisciú agus ar staitisticí i leith tuairisceáin Cánach Corparáide chuig na Coimisinéirí Ioncaim. Tá an córas measúnaithe Cánach Corparáide (CC) sa chóras Próiseála Comhtháthaithe Cánachais (PCC) freagrach as an bhFoirm CT1 ó chustaiméirí CC a phróiseáil.

Sonraí Íocaíochta: Tá na sonraí seo bunaithe ar shonraí riaracháin a chuirtear i dtoll a chéile i dtaca le híocaíochtaí a dhéanann cáiníocóirí leis na Coimisinéirí Ioncaim i dtuairisceáin reachtúla chánach. Cuireann Rannóg an Ard-Bhailitheora sna Coimisinéirí Ioncaim na híocaíochtaí chun sochair an cháiníocóra agus ceanglaítear iad leis an tréimhse agus an ceannteideal cuí chánach, ar bhonn fhaisnéis na n-íocaíochtaí tuairisceáin. Déanann Ardchuntasóir na gCoimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar an bpróiseas seo.

Modhanna

Sonraítear sa ráiteas faoin 'Modh' i leith táirgí aonair staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim an chaoi a ndéantar forbairt ar gach tacar Staitisticí.

Rangúchán

Baineann eisiúintí Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim úsáid as roinnt rangúchán éagsúil, agus luaitear gach ceann díobh sa ráiteas faoin 'Modh' i leith táirgí aonair staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim. Baintear úsáid as roinnt rangúchán éagsúil thar réimse táirgí, bunaithe ar rangúchán comónta an Chóid NACE, atá mar bhonn do rangúchán staitistiúil i leith gníomhaíochtaí geilleagracha. Baineann na Coimisinéirí Ioncaim úsáid as NACE Rev 2.

Prionsabail Cháilíochta

Déantar achoimre sa rannán seo a leanas ar chur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim i leith a ghealltanas a chomhlíonadh i leith prionsabail cháilíochta ISSCoP i dtáirgeadh staitisticí. I gcás táirgeadh táirgí aonair staitisticí, féadfaidh sé go mbeidh tuilleadh eolais sna ráitis aonair faoin 'Modh'.

Ábharthacht

Tá an chuid is mó d'aschur staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim deabhunaithe agus i bhfeidhm chun réimse riachtanas a chomhlíonadh chun leasa an phobail, lena n-áirítear:

- Chun riachtanais eolais a chomhlíonadh ó shonraí na gCoimisinéirí Ioncaim a aithnítear de bhun Ceisteanna Dála agus iarratais Saorála Faisnéise.
- Chun freastal ar réimse iarratas eolais laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim, ó chomhlachtaí eile rialtais, agus ó lucht taighde/acadúil.
- Chun eolas a sholáthar do na meáin chumarsáide agus iarratais eile ón bpobal ar eolas, mar a fhaightear iad trínár seoladh ríomhphoist tiomnaithe le haghaidh staitisticí – statistics@revenue.ie.
- Chun eolas a scaipeadh ar ghníomhaíochtaí tábhachtacha agus suntasacha na gCoimisinéirí Ioncaim, amhail bailiú cánacha.
- Chun maoirseacht agus trédhearcacht a sholáthar i dtaca le costas nó toradh an Státchiste ó scéimeanna/faoisimh/liúntais agus creidmheasanna éagsúla.

Rinneadh aschuir staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim a dhearadh chun iad a chur in oiriúint do na hacmhainní atá ar fáil, do riachtanais úsáideoirí, don fháil ar shonraí agus do rúndacht sonraí.

Cruinneas agus Iontaofacht

Tá leas mór ag na Coimisinéirí Ioncaim i dtaca lena cháil staitisticí a sholáthar atá cruinn agus iontaofa. Mar gheall ar chineál agus scóip ár ról, tá ár n-aschuir staitisticí mar bhonn do chuid mhaith d'anailís buiséid agus beartais. Tá nach mór aschur uile staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim bunaithe ar shonraí riaracháin, agus ní bhíonn na hearráidí ann is gnách a bheith i gceist le sampláil. Tugann na Coimisinéirí Ioncaim, áfach, faoi roinnt céimeanna bailíochtaithe ar an ábhar foinseach agus ar na haschuir deiridh le soláthar agus scaipeadh aschuir chruinne staitisticí a chinntiú, mar shampla tá próiseas fairsing bailíochtaithe fite fuaite le táirgeadh thacar sonraí na Staitisticí Ioncamdháilte Cánach Ioncaim agus Cánach Comparáide araon.

Tá cur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim i leith athbhreithnithe sa doiciméad 'Polasaí na gCoimisinéirí Ioncaim um Fhoilsiú agus Craobhscaoileadh Staitisticí'. Go hachomair, nuair a dhéantar leasú nó athbhreithniú ar fhormáid, ar ábhar nó ar mhodheolaíocht thacar sonraí staitisticí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, cuirtear custaiméirí ar an eolas faoi athbhreithnithe dá leithéid. Nuair a dhéantar athbhreithniú ar fhigiúirí staitistiúla, déanfar na sonraí atá tugtha suas chun dáta a uaslódáil chuig an ardán cuí chomh luath agus is féidir. Cuirfear fógraí i dtaca le hathbhreithnithe in iúl trí fheasachán staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim a sheoltar ón seoladh ríomhphoist statistics@revenue.ie.

Tráthúlacht agus Poncúlacht

Déanfar Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim a eisiúint de réir na minicíochta agus na ndátaí foilseachán a bhfuil achoimre orthu in 'Féilire Foilsiú Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim'

de réir ár 'Pholasaí na gCoimisinéirí Ioncaim um Fhoilsiú agus Craobhscaoileadh Staitisticí'. Coinneofar súil ar ár bhfeidhmíocht i leith na spriocanna seo inár 'Monatóir Tráthúlachta'.

Comhleanúnachas agus Inchomparáideacht

Chomh fada agus is féidir, beidh staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim comhsheasmhach trí úsáid a bhaint as na haonaid chéanna gráinneachta, na heatraimh chéanna ama agus na haonaid chéanna tomhais, mar shampla tá gach luach airgeadra roimh ré an Euro tiontaithe anois isteach in Euro. Nuair a dhéantar staitisticí a tháirgeadh ar bhonn bliantúil, déanfar figiúirí na mblianta roimhe a fhoilsiú taobh le taobh leo chun comparáid a éascú. Nuair is gá imeacht ón gcur chuige seo, nó nuair a bhíonn athrú sa mhodheolaíocht, beidh feidhm leis an bprótacal athbhreithnithe atá sonraithe i 'bPolasaí na gCoimisinéirí Ioncaim um Fhoilsiú agus Craobhscaoileadh'.

Is iondúil a bhíonn sonraí ó bhlianta roimhe i dtacair sonraí foilsithe na gCoimisinéirí Ioncaim agus déantar formáidiú agus briseadh síos de réir na n-aonad céanna agus ag an leibhéal céanna chun comparáid ó bhliain go bliain a éascú chun treochtaí a aithint &rl.

Rochtain agus Soiléire

Tá an chuid is mó de thacair sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim comhlíontach le Sonraí Oscailte. Mar gheall air sin, agus mar chomhlíontacht leis an gCreat Teicniúil um Shonraí Oscailte, foilsítear an tacar sonraí i bhformáid PDF agus CSV araon, agus faoin gCeadúnas Sannta Creative Commons CC-BY. Foilsítear na sonraí sa rannán staitisticí ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim, agus ar thairseach Sonraí Oscailte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ag baint úsáide as teanga shoiléir sna cuir síos agus sa mhíoneolas ar na clibeanna meiteashonraí agus in eolas eile tábhachtach.

Mar gheall ar an gcur chuige seo, tá soiléire ag baint le cineál na dtacar sonraí agus cinntítear go bhféadtar teacht go héasca ar na staitisticí trí chuardaigh le heochairfhocail.

Táirgeadh na Staitisticí

Léargas Ginearálta

Tá cur síos agus sa sainmhíniú sa rannán seo a leanas ar phróis na gCoimisinéirí Ioncaim i leith tháirgeadh na staitisticí. Déantar achoimre orthu seo tríd an tSamhail Próiseas Gnó Chineálach Staitisticí I (SPGCS) – féach Aguisín 1 le haghaidh léargas ginearálta ar an tSamhail. Mar atá i gceist laistigh den chreat oibre, cuireadh SPCGS i bhfeidhm ar bhealach solúbtha chun cur síos a dhéanamh ar na próisis táirgthe staitisticí i gcomhthéacs thimpeallacht uileghabhálach na gCoimisinéirí Ioncaim. Samhail táirgthe cineálach is ea an ceann a bhfuil cur síos uirthi thíos, ina ndéantar cur síos ar bhealach ginearálta ar na próisis atá i gceist, agus féadfaidh sé go bhfuil conair tháirgthe ar leith ag gach táirge. Leagfar amach i ráiteas gach táirge faoin 'Modh' na difríochtaí ón tsamhail chineálach, chomh maith le nótaí tráchta sonracha i leith an táirge.

Sonrú na Riachtanais

Féadfaidh sé go dtionscnófaí an riachtanas táirgí nua staitisticí a sholáthar nó aschuir reatha a leasú mar thoradh ar imeachtaí éagsúla. Áirítear leo seo:

- Scéim, faoiseamh cánach nó creidmheas nua cánach a bheith tugtha isteach le Buiséad nó Acht Airgeadais, mar shampla an Scéim um Chabhair le Ceannach (CLC) a tugadh isteach i mBuiséad 2017.
- Iarratais dhíreacha a fhaightear ó laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim nó ó áit lasmuigh (fiosruithe ginearálta, Ceisteanna Dála, iarratais Saorála Faisnéise, mar shampla), amhail comhlachtaí eile rialtais, eagraíochtaí taighde acadúil, nó ón bpobal i dtaca le gníomhaíochtaí na gCoimisinéirí Ioncaim nó i dtaca le riar scéimeanna, faoiseamh, creidmheasanna &rl.
- Measúnú inmheánach ar na tairiscintí reatha staitisticí i gcomhthéacs na timpeallachta oibriúcháin agus na n-athruithe ar na sonraí atá ar fáil.

Is léiriú é an liosta seo ar na tosca tiomána trína dtugtar ar na Coimisinéirí Ioncaim tabhairt faoi athbhreithniú ar na sonraí foilsithe agus ar an riachtanas leis an tairiscint seo a leathnú amach. Dearbhóidh na Coimisinéirí Ioncaim le tuilleadh mionsonraí an chaoi a bhféadtar an riachtanas seo a chomhlíonadh, agus féadfaidh sé go mbeadh próiseas comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí i gceist ann. Tá comhréim mhór idir an chéim seo agus céim an Deartha. Féadfaidh sé go mbeidh an riachtanas ann, mar shampla rianú a dhéanamh ar shaolré iomlán scéime. Má tá staitisticí náisiúnta nó idirnáisiúnta den chineál céanna á dtáirgeadh, féadtar soláthar na réiteach seo a chur san áireamh ag an gcéim seo.

Gné bhunúsach den phróiseas seo is ea a dhearbhu an bhféadann foinsí reatha sonraí riachtanais úsáideoirí a chomhlíonadh, agus na cúinsí ina mbeadh siad ar fáil, lena n-áirítear aon srianta i dtaca lena n-úsáid. Má tá na sonraí ar fáil chun an riachtanas aitheanta a chomhlíonadh, ní mór dhá cheist eile a chur san áireamh sula bhféadtar bogadh ar aghaidh:

- An bhfuil aon bhac eagraíochtúil, rialála nó nochtaithe ar an aschur nua/leasaithe a fhorbairt, mar shampla ceisteanna faoi rúndacht cáiníochairí.
- An bhfuil údar leis an obair atá i gceist i dtéarmaí na n-acmhainní a theastaíonn chun an t-ábhar a fhoilsiú i gcomparáid leis an mbuntáiste lena bhfoilsiú.

Roimh bhogadh ar aghaidh, iarrfar ar Cheannasaí an Bhrainse Staidrimh & Taighde Eacnamaíochta nó ar na bainisteoirí sinsearach, de réir mar is cuí, faomhadh a thabhairt na staitisticí nua/leasaithe a tháirgeadh.

Céim an Deartha

Go hachomair, is é cuspóir na céime seo ná cinneadh a dhéanamh cén chaoi a ndéanfaidh baill foirne na gCoimisinéirí Ioncaim idirghníomhú leis na córais riachtanacha aisghabhála sonraí agus cé a bheidh freagrach as ábhar den chineál seo a tháirgeadh agus a chur i dtoll a chéile. Ag tógáil ar an obair sa chéim roimhe, críochnófar an dearadh mionsonraithe ar na haschuir staitisticí. Féadfaidh sé go mbeidh i gceist ann fréamhshamhail a dhearadh chun formáid an táirge a léiriú agus chun sampla a sholáthar do na geallsealbhóirí den chineál ruda a bhféadtar a sholáthar. Ba chóir aschuir a dhearadh chun go dtiocfadh siad leis na caighdeáin reatha nuair is féidir. Nuair is cuí, ullmhófar meiteashonraí Sonraí Oscailte ag céim an Deartha.

Tá roinnt foinsí poitéinsiúla sonraí ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim agus déanfar cinneadh ag an gcéim seo i dtaca leis an modh/na modhanna agus an ionstraim/na hionstraimí is feiliúnaí um bhailiú. Tabharfar aghaidh ar an gcinneadh seo i leith gach táirge sa ráiteas sonrach faoin 'Modh', agus is iondúil go mbeidh tagairt ann do cheann amháin de na foinsí sonraí a ndearnadh cur síos orthu thuas sa doiciméad seo. Ba chóir na socruithe a chur i gcrích i leith na freagrachta as táirgeadh na staitisticí. Braithfidh an mheicníocht asbhainte agus tiomsaithe sonraí ar an táirge féin, ach féadtar úsáid a bhaint as tuairiscí deise, as uirlisí sonracha fiosruithe bunachair sonraí lena n-úsáid ar ár dtacair sonraí Staitisticí Ioncaimdháilte, nó as bunachair sonraí eile. I gcásanna eile, déanfar mionsonrú ar an mbailiú sonraí sa ráiteas faoin 'Modh'.

Ag an gcéim seo, ba chóir gach cineál próiseála nó anailísithe staitisticí a chur san áireamh agus a chur i gcrích, mar shampla má tá aon iontrálacha barúlacha ann i leith tearc-chlúdach nó má úsáidtear Meánráta Imeachach chun costais chánach a ríomh. Déanfar dearadh ag an gcéim seo ar rialúcháin um bhailíochtú agus nochtadh. Ar deireadh, ba chóir forbairt a dhéanamh ar an gcaobhscaoileadh agus ar an bpróiseas. Déanfar cinneadh ar cheisteanna ar nós mhinicíocht an eisithe, ardán nó ardáin, táirge nua vs síneadh ar tháirge reatha, agus an bhfoilseofar an táirge i bhformáid Sonraí Oscailte.

Céim na Tógála

Féadtar tabhairt faoi chuid mhaith de na gníomhaíochtaí i gCéim na Tógála i gcomhthráth le gníomhaíochtaí i gCéim an Deartha. Le linn na céime seo, déantar na comhchodanna bailithe éagsúla a thógáil agus a thástáil. San áireamh leis seo tá fiosruithe, tuairiscí agus teimpléid tuairiscí. Nuair is cuí, déanfar tuairisc an teimpléid a aistriú ag an gcéim seo. Ba chóir na doiciméid uile a dhréachtadh ag an gcéim seo, lena n-áirítear:

- i. An ráiteas faoin Modh
- ii. Doiciméid faoi na comhchodanna próisis, lena n-áirítear doiciméid theicniúla agus treoirleabhair d'úsáideoirí
- iii. Aon ábhair mhíniúcháin nó oiliúna le haghaidh úsáideoirí an réimse ghnó i dtaca leis an gcaoi leis an bpróiseas a oibriú

Céim an Bhailithe, na Próiseála agus an Anailísithe

Tá comhréim ann idir na trí chéim seo. Nuair a aithnítear ceisteanna ag céim an Anailísithe, féadtar breathnú arís ar na próisis táirgthe i gcomhthéacs Céim an Bhailithe. Is fiú, mar sin, plé leis na trí chomhchuid in éineacht.

Is éard atá i gceist le Céim an Bhailithe i gcás an chuid is mó de staitisticí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ná sonraí a asbhaint ó réimse bunachar riaracháin agus iad a lódáil

isteach sa timpeallacht chuí le haghaidh tuilleadh próiseála. I gcás roinnt tacar sonraí (mar shampla nuair a chuireann Ard-Bhailitheoir na gCoimisinéirí Ioncaim sonraí ar fáil maidir le híocaíochtaí na gCoimisinéirí Ioncaim), déanfar teagmháil leis an soláthraí sonraí chun asbhaint a iarraidh agus na sonraí a fháil óna gcórais. Braitheann céim an bhailithe ar fhoinsé na sonraí agus déanfar tagairt di sa ráiteas faoin Modh. I roinnt cásanna, is éard atá i gceist leis seo ná bailíochtú, mar shampla tá próisis bailíochtaithe i gceist leis na tacair sonraí Staitisticí Ioncaimdháilte Cánach Ioncaim agus Cánach Corparáide a asbhaint agus a chur i dtoll a chéile.

Déantar aschuir staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim a tháirgeadh ó roinnt foinsí, agus ansin déantar iad a chomhtháthú. Mar shampla, is éard atá sa tacar sonraí 'Costas na gCaiteachas Cánach' ná an costas don Státchiste i leith creidmheasanna, faoisimh, liúntais agus scéimeanna éagsúla faoi cheanteidil éagsúla chánach, agus mar sin, is ag an gcéim seo a dhéantar comhtháthú ar shonraí a fhaightear ó fhoinsí éagsúla. Ag an gcéim seo, déantar táirgeadh ar shonraí comhiomlána agus iomlána. I gcás roinnt staitisticí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, is gá ag an gcéim seo ná sonraí a 'fhás' chun go gcuirfí san áireamh tuairisceáin neamhiomlána nó déanacha. Cé go n-úsáidtear an ráta cuí cánach i mórán cásanna chun go léireofaí aonaid nua sonraí, mar shampla an costas i leith beart/faoisimh, i roinnt cásanna féadfaidh sé gur gá úsáid a bhaint as Meánráta Imeachach díorthaithe trína ndéantar ríomh ar an meánráta cánach a íocann grúpaí cuí cáiníocóirí. Sonrófar sa ráiteas faoin 'Modh' i leith gach tacar sonraí má fheidhmítear aon cheann de na próisis seo nó próisis eile.

I gCéim an Anailísithe, déantar aschuir staitisticí a tháirgeadh, déantar mionscrúdú orthu agus ullmhaítear iad lena gcrabhscaoileadh. Áirítear ann ábhar staitisticí a ullmhú (lena n-áirítear tráchttaireacht, nótaí teicniúla &rl), agus cinntiú go bhfuil aschuir 'oiriúnach don fheidhm' sula gcrabhscaoiltear le geallsealbhóirí iad. Ar dtús, déantar dréacht-aschuir tosaigh a tháirgeadh. Déantar na haschuir seo a bhailíochtú trí réimse gníomhaíochtaí, lena n-áirítear:

- Cinntiú go bhfuil an clúdach daonra agus na rátaí freagartha ar aon dul lena bhfuil coinne leis.
- Na staitisticí a chur i gcomparáid le timthriallta roimhe.
- Seiceáil go bhfuil na meiteashonraí bainteacha ar aon dul lena bhfuil coinne leis.
- Na staitisticí a chros-seiceáil le sonraí cuí eile (idir shonraí inmheánacha agus seachtracha).
- Neamhréireachtaí sna sonraí a scrúdú.
- Maicrea-eagarthóireacht a dhéanamh.
- Na staitisticí seo a bhailíochtú i leith a bhfuil coinne leis agus i leith faisnéis ghnó.

Ag an gcéim seo, tugtar aghaidh ar cheisteanna rúndachta agus nochtaithe. Tá an rúndacht lárnach i gcuidreamh na gCoimisinéirí Ioncaim le cáiníocóirí. Aithníonn muid freisin, áfach, an luach atá le réimse leathan léargas ar staitisticí a sholáthar i dtaca le riarachán cánach. Tá forbairt déanta ar phrótacail i leith [Rialuithe ar Nochtadh Staidrimh](#) agus déantar achoimre sa doiciméad seo ar ár gcur chuige le cothromaíocht a bhaint amach idir an gá leis an bpobal a chur ar an eolas agus rúndacht na gcáiníocóirí a chosaint i dtáirgeadh Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim. Déanfar tástáil i leith na rialuithe seo ar an dréacht-aschuir staitisticí.

Céim an Chraobhscaoilte

Déantar bainistiú le linn na céime seo ar chraobhscaoileadh Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim le custaiméirí. Áirítear ann na gníomhaíochtaí uile a bhaineann le réimse táirgí

statacha agus dinimiciúla a chur i dtoll a chéile agus a chraobhscaoileadh trí réimse cainéal. Tacaíonn na gníomhaíochtaí seo le custaiméirí teacht ar agus úsáid a bhaint as na sonraí staitisticí a eisíonn na Coimisinéirí Ioncaim.

Tá sceideal craobhscaoilte ann do staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim atá bunaithe ar infhaighteacht shonraí na dtuairisceán cánach. I gcás roinnt táirgí, déantar sioncrónú ar an gCraobhscaoileadh le himeachtaí féilire amhail Buiséad, foilsiú Tuarascála Bliantúla, &rl. Tá sonraí ar an sceideal táirgthe agus craobhscaoilte táirgí staitisticí ar fáil sa doiciméad 'Féilire Foilsithe Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim'. Tabharfar sna ráitis faoin 'Modh' sonraí faoi fhormaid agus faoi phróiseas craobhscaoilte gach táirge.

Ón uair a bhaintear an chéim seo amach i gcás foilsiú beartaithe sonraí, agus nuair a mheastar na sonraí a bheith 'oiriúnach don fheidhm', déantar na sonraí a fhormaidíú agus críochnaítear na meiteashonraí. Is linn chéim an deartha a chuirtear formáid na sonraí i gcrích, ach féadfaidh sé go mbeidh ceann de na formáidí seo a leanas, nó iad uile, a bheith ann: '.pdf', '.csv', '.doc' agus 'xls'. Nuair is ar Statbank na Príomhoifige Staidrimh (POS) a óstáiltear staitisticí dáileacháin, ullmhaítear na comhaid chúí. De réir fhéilire na gCoimisinéirí Ioncaim, déantar na tacair sonraí a chraobhscaoileadh agus na meiteashonraí a thabhairt suas chun dáta ar an suíomh idirlín Revenue.ie, ar an tairseach Sonraí Oscailte nó ar ardáin Statbank na Príomhoifige Staidrimh araon. Déantar poiblíocht ar eisiúintí na dtacar sonraí trí fheasachán staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim (Revenue Statistics Bulletin).

Céim an Mheasúnaithe

Déantar measúnú ar aschuir staitisticí nua-tháirgthe le linn gach saolré táirgeachta le deimhniú ar chóir leanúint le hiad a tháirgeadh, ar chóir leanúint le hiad a tháirgeadh ar an gcaoi seo, nó ar chóir iad a athrú ar bhunús riachtanas athraithe úsáideoirí nó infhaighteacht na sonraí. I gcás aschuir dea-bhunaithe, féadfaidh sé nach ndéantar an measúnú seo go foirmiúil i ngach saolré – braitheann measúnú ar roinnt tosca lena n-áirítear aiseolas ó úsáideoirí, meadarachtaí córais (is é sin líon na n-íoslódálacha/uair a tháingthas ar na sonraí ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim) agus moltaí ó laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim. Is iad lucht an réimse cuí Gnó sna Coimisinéirí Ioncaim a thugann faoin measúnú, in éineacht le tairgeoirí na staitisticí atá le foilsiú.

Rúndacht

Rúndacht

Cruinníonn na Coimisinéirí Ioncaim lear mór sonraí, agus is sonraí an-íogair iad cuid mhaith díobh. Mar a bhíonn i gcuid mhór comhlachtaí poiblí, tá bailiú, bainistiú, úsáid, rochtain agus roinnt sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim á threorú agus a rialú ag corpas dlíthe agus polasaithe reatha i dtaca le hAth-Úsáid Fhaisnéis na hEarnála Poiblí, Cóipcheart Rialtais agus Saoráil Faisnéise. Tá na bearta, rialuithe agus róil chaighdeánacha rialachais i bhfeidhm sna Coimisinéirí Ioncaim le cinntiú go gcloítear leis na hoibleagáidí seo.

I dtaca leis na forálacha teicniúla agus fisiciúla chun cáiníocóirí a chosaint, tá na Coimisinéirí Ioncaim faoi réir iniúchóireachta ó Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Déanann lucht na réimsí speisialaithe Teicneolaíochta Faisnéise agus Seirbhísí Corparáideacha gach bagairt bhainteach phoitéinsiúil a aithint agus a bhainistiú ag leibhéal áitiúil. I roinnt cásanna tá na rioscaí seo ar an gClár Rioscaí Corparáideacha agus tá siad faoi réir meastóireacht agus measúnú leantach trí Choiste Bainistíochta Riosca na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ag croílár chaidreamh na gCoimisinéirí Ioncaim le cáiníocóirí, tá tiomantas na gCoimisinéirí Ioncaim i leith rúndacht na faisnéise a roinntear linn a chosaint. Trí Alt 851a den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, tá bonn foirmiúil anois le rúndacht cáiníocóirí agus tá foráil shonrach ann a bhaineann le cáin trína ndearbhaítear do cháiníocóirí go bhfuil faisnéis tráchtála a nochtar do na Coimisinéirí Ioncaim cosanta i leith nochtadh neamhúdraithe le daoine eile. Leagtar amach réimse leathan doiciméad na hoibleagáidí atá ar bhail foirne i dtaca le rochtain ar shonraí oifigiúla agus i dtaca le polasaithe slándála sonraí rúndachta na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear:

- Cód Eiticí na gCoimisinéirí Ioncaim
- Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse
- Beartas slándála agus rúndachta na gCoimisinéirí Ioncaim
- Polasaí slándála agus rúndachta sonraí
- Rochtain neamhúdraithe ar shonraí na gCoimisinéirí Ioncaim
- Rochtain mhíchuí sonraí agus nochtadh

Cuirtear na treoirlínte agus na rialacháin seo in iúl do gach ball nua foirne agus seoltar meabhrúcháin don fhoireann uile ó am go ham trí chiorclán ar mhodh eile. Síníonn bail foirne uile na gCoimisinéirí Ioncaim an tAcht um Rúin Oifigiúla. Caitear go dáiríre le neamhchomhlíontacht le hoibleagáidí rúndachta sonraí agus tá sáruithe faoi dhliteanas gníomh cuí faoin gcód smachta.

Páirtithe seachtracha a dteastaíonn rochtain ar shonraí na gCoimisinéirí Ioncaim uathu, iarrtar orthu gealltanais rúndachta den chineál céanna a thabhairt. Tá cuid mhór malartuithe ar bun ag na Coimisinéirí Ioncaim leis an POS. Den chuid is mó is aistrithe iad ó na Coimisinéirí Ioncaim chuig an POS. Féadfaidh taighdeoirí iarratas a dhéanamh ar rochtain, faoi chúinsí rialaithe, chun oibriú ar shonraí na gCoimisinéirí Ioncaim trí phróiseas an POS ar a dtugtar Research Microdata File (RMF).

Laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim, forbraíodh prótacail i leith [Rialú ar Nochtadh Staidrimh](#). Déantar achoimre sa doiciméad seo ar chur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim le cothromaíocht a bhaint amach idir an gá leis an bpobal a chur ar an eolas agus rúndacht

na gcáiníocóirí a chosaint i dtáirgeadh Staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim. Déantar achoimre ann ar na rialacha agus na seiceálacha éagsúla a chuirtear i bhfeidhm ar aschuir staitisticí le measúnú a dhéanamh an bhfuil sé cuí eisiúint a dhéanamh i gcomhthéacs riosca i dtaca le nochtadh. Déantar mionsonrú ann freisin ar na teicnící éagsúla anaithnidithe a fhéadtar a fheidhmiú i gcásanna ina mbíonn riosca den chineál seo ann.

Aguisín 1 – Leibhéal 1 & 2 den tSamhail Próiseas Gnó Chineálach Staitisticí

| Bainistíocht Cháilíochta/Bainistíocht Mheiteashonraí | | | | | | | |
|--|--|---|---|---|--|---|-------------------------------------|
| Sonrú na Riachtanas | Dearadh | Tógáil | Bailiú | Próiseáil | Anailísíú | Craobhscaoileadh | Measúnú |
| 1.1 Aithint na riachtanas | 2.1 Dearadh na n-aschur | 3.1 Tógáil na hionstraimhe bailithe | 4.1 Cruthú an fhíráma & roghnú an tsampla | 5.1 Comhtháthú na sonraí | 6.1 Ullmhú na ndréacht-aschur | 7.1 Nuashonrú na gcóras aschuir | 8.1 Bailiú na n-ionchur measúnaithe |
| 1.2 Comhairliú & deimhniú na riachtanas | 2.2 Dearadh an chuir síos ar na hathróga | 3.2 Tógáil nó feabhsú na gcomhchodanna próiseála | 4.2 Bunú an bhailithe | 5.2 Rangú & codú | 6.2 Bailíochtú na n-aschur | 7.2 Táirgeadh na dtáirgí craobhscaoilte | 8.2 Reachtáil an mheasúnaithe |
| 1.3 Bunú chuspóirí an aschuir | 2.3 Dearadh an bhailithe | 3.3 Tógáil nó feabhsú na gcomhchodanna craobhscaoilte | 4.3 Reachtáil an bhailithe | 5.3 Athbhreithniú & bailíochtú | 6.3 Ciall a bhaint as na haschuir & iad a mhíniú | 7.3 Bainistiú ar eisiúint na dtáirgí/craobhscaoilte | 8.3 Comhaontú ar phlean gnímh |
| 1.4 Aithint na goincheap | 2.4 Dearadh an fhíráma & an tsampla | 3.4 Coigeartaigh na sreafa olbre | 4.4 Cuir i gcrích an bhailithe | 5.4 Eagarthóireacht & lontráil bharrúlach | 6.4 Feidhmíú na rialuithe um nochtú | 7.4 Cur chun cinn na dtáirgí craobhscaoilte | |
| 1.5 Seiceáil infhaighteacht na sonraí | 2.5 Dearadh na próiseála & an anailísithe | 3.5 Tástáil an chórais táirgeachta | | 5.5 Díorthú na n-athróg & na n-aonad nua | 6.5 Cuir i gcrích na n-aschur | 7.5 Bainistiú ar thacaloicht d'úsáideoirí | |
| 1.6 Ullmhú an cháis ghnó | 2.6 Dearadh na gcóras táirgeachta & an tsreala olbre | 3.6 Tástáil na bpróiseas gnó um staitisticí | | 5.6 Ríomh na n-ualach | | | |
| | | 3.7 Cuir i gcrích an chórais táirgeachta | | 5.7 Ríomh na gcomhiomlán | | | |
| | | | | 5.8 Cuir i gcrích na gcomhad sonraí | | | |

Foinse : <http://www1.unece.org/stat/platform/display/GSBPM/GSBPM+v5.0>